**Ceisteanna Coitianta**

**Scéim Dreasachta Curaíochta**

**C. Céard é an Scéim Dreasachta Curaíochta?**

**F.** Is beart tacaíochta nua é an Scéim Dreasachta Curaíochta (TIS) atá dírithe ar fheirmeoirí a spreagadh chun barra curaíochta breise incháilithe a chur in 2022 ar thalamh a bhí in úsáid mar fhéarach[1] in 2021 chun an spleáchas ar ábhair iompórtáilte do bhia iompórtáilte a laghdú.

**C. Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar an Scéim Dreasachta Curaíochta?**

**F.** Cuir barra curaíochta breise in 2022 ar thalamh a bhí in úsáid mar fhéarach in 2021. Dearbhaigh na barra ar fad a cuireadh ar d'iarratas ar líne ar Scéim Íocaíochta Bunúsaí (BPS) 2022. Ceanglaítear ort é sin a dhéanamh ar chuma ar bith. Ná déan dearmad do mhapaí a nuashonrú chun na dáileachtaí cearta le haghaidh 2022 a léiriú. Ansin i mí Meithimh 2022 seolfaidh an Roinn nóta i scríbhinn chuig feirmeoirí incháilithe, ag tabhairt cuiridh dóibh iarratas a dhéanamh ar an scéim.

**C. Conas a bheidh a fhios agam an bhfuil mé incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an Scéim Dreasachta Curaíochta?**

**F.** Déanfar cinneadh maidir le hincháilitheacht don Scéim Dreasachta Curaíochta trí chomparáid a dhéanamh idir na hiarratais BPS a rinne an duine in 2021 agus 2022. I mí Meithimh 2022 seolfaidh an Roinn nóta i scríbhinn chuig feirmeoirí incháilithe, ag tabhairt cuiridh dóibh iarratas a dhéanamh ar an scéim. An mbeidh níos mó heicteár curaíochta agat in 2022? Más amhlaidh go mbeidh, cé mhéad de na heicteáir bhreise sin a bhí in úsáid mar fhéarach in 2021. Glacfar leis sin mar an líon heicteár a bheidh iníoctha faoin scéim seo.

**C. Cén fáth nach bhfuil an íocaíocht á déanamh bunaithe ar an líon heicteár curaíochta méadaithe?**

F. Tá sé mar aidhm leis an scéim barra curaíochta breise a dhreasú ionas go mbeidh an riosca a bhaineann le ganntanas bia ainmhithe á laghdú. Dá n-íocfadh an Roinn gach feirmeoir a mhéadaigh a limistéar curaíochta le haghaidh 2022 gan seiceáil an raibh an talamh breise in úsáid mar thalamh curaíochta i rith na bliana roimh ré, b'fhéidir nach mbeadh

[1] Féach ar leathanach 3 thíos áit a bhfuil liosta iomlán de na barra a nglactar leo mar fhéarach chun críche na scéime seo.

glanghnóthachan mar thoradh ar an íocaíocht. Is é an t-aon bhealach lena chinntiú go mbeidh limistéar curaíochta méadaithe mar thoradh ar an íocaíocht ag leibhéal feirme, a fháil amach an bhfuil méadú tagtha ar an líon heicteár curaíochta agus má tá, cé mhéad de na heicteáir seo a bhí in úsáid mar fhéarach i rith na bliana roimhe sin.

**C. An féidir le feirmeoir nár chomhlánaigh iarratas BPS le haghaidh 2021/2022 páirt a ghlacadh sa Scéim Dreasachta Curaíochta?**

**F. Ní féidir**, ní mór go mbeadh iarratas BPS bailí déanta ag feirmeoirí in 2021 agus ní mór iarratas BPS bailí a dhéanamh in 2022 ionas go nglactar leis go bhfuil feirmeoir incháilithe don scéim dreasachta seo.

**C. Má ghlacaim seilbh ar fheirm mo thuismitheoirí in 2022, an féidir liom iarratas a dhéanamh?**

**F. Is féidir,** déan iarratas ar BPS 2022 agus dearbhaigh do thalamh agus do bharra ar fad de réir mar is gá, agus cinntigh go bhfuil an tréad-uimhir agus na teidlíochtaí aistrithe freisin. Ansin déanfaidh an Roinn cinneadh maidir le d'incháilitheacht don scéim seo bunaithe ar d'iarratas BPS 2022 i gcomparáid leis an iarratas BPS a rinne do thuismitheoirí in 2021.

**C. Is iontrálaí nua mé in 2022. An bhfuil mé incháilithe?**

**F. Tá,** má tá tú ag tosú amach in 2022 agus mura bhfuil seilbh á glacadh agat ar fheirm atá ann cheana féin is féidir leat iarratas a dhéanamh. Níl le déanamh agat as do dháileachtaí a dhearbhú ar d'iarratas BPS 2022 agus soláthair sonraí maidir le do thalamh ar fad lena n-áirítear na barra curaíochta a chuir tú in 2022. Seiceálfaidh an Roinn an raibh do dháileachtaí curaíochta in úsáid mar fhéarach nó curaíocht in 2021 agus déanfaidh siad íocaíochta ina leith má bhí siad in úsáid mar fhéarach in 2021.

**C. An féidir le feirmeoirí a n-iarratas BPS 2022 a leasú?**

**F. Is féidir,** má tá d'iarratas BPS curtha isteach agat don bhliain seo cheana féin agus más mian leat talamh breise a chur san áireamh, is féidir leat logáil isteach ar www.agfood.ie chun aon leasuithe a dhéanamh ach ní mór duit é sin a dhéanamh roimh an spriocdháta, an 16 Bealtaine 2022.

**C. Céard iad na ceanglais incháilitheachta atá luaite leis an scéim seo?**

**F.** Tá dhá phríomhcheanglas incháilitheachta ann:

**1**. Ní mór go mbeadh an limistéar iomlán dearbhaithe d'eorna, cruithneacht, coirce, seagal, barr síl ola ráibe, grán buí agus biatas méadaithe ar iarratas BPS 2022 i gcomparáid leis an limistéar atá luaite in iarratas BPS 2021. Mar shampla, má dhearbhaítear 20 heicteár de bharra incháilithe in 2021 agus 30 heicteár de bharra incháilithe in 2022 tá méadú 10 heicteár i gceist.

**2**. Cinntear an limistéar méadaithe atá incháilithe d'íocaíocht bunaithe ar an limistéar de dháileachtaí féaraigh 2021 atá athraítear go barra incháilithe. Ag glacadh leis an sampla thuasluaite de mhéadú 10 Heicteár.

> a. Má bhaineann an méadú 10 Heicteár le hathrú 10 Heicteár de dháileacht(aí) féaraigh, ansin glacfar leis go bhfuil an méadú iomlán 10 Heicteár incháilithe le haghaidh íocaíochta.
>
> b. Má bhaineann an méadú 10 Heicteár le cíos, léas, ceannach dáileacht curaíochta mar a dhearbhaítear ar BPS 2021, ní bheidh an limistéar méadaithe incháilithe le haghaidh íocaíochta.
>
> c. Má bhaineann méadú 4 Heicteár den 10 Heicteár le féarach a athrú go barra incháilithe, agus má bhaineann 6 Heicteár le sealbhú dáileacht curaíochta BPS 2021, ansin ní bheidh ach 4 Heicteár den limistéar méadaithe in 2022 incháilithe.

**C. Céard iad na barra a nglactar leo mar fhéarach?**

**F.** Áirítear i measc na mbarr a nglactar leo mar fhéarach in 2021 Alfalfa, Seamair, Branar, Féar (Bliain 1-5), Min Féir, Ceineaf, Meidic na mBó, Miscanthus Sinensis, Féarach Buan, Prátaí, Seamair Dhearg agus Saileach.

**C. Céard iad na barra atá incháilithe don Scéim Dreasachta Curaíochta?**

**F.** Áirítear i measc na mbarr incháilithe Coirce – earrach, Coirce – geimhreadh, Cruithneacht – geimhreadh, Cruithneacht – earrach, Seagal, Eorna – geimhreadh, Eorna – earrach, Síol Ola Ráibe – geimhreadh, Síol Ola Ráibe – earrach, Grán Buí, Fodar/biatas siúcra.

**C. An mbeidh seiceálacha á ndéanamh ag an Roinn?**

**F.** Beidh, beidh gach acmhainn agus teicneolaíocht atá ar fáil in úsáid ag an Roinn chun seiceáil a dhéanamh agus a chinntiú gur bunaíodh agus gur baineadh barra curaíochta incháilithe i gceart.

**C. Céard iad na cigireachtaí agus rialuithe a bheidh bunaithe?**

**F.** Déanfar cianbhraiteacht (satailít) agus cigireachtaí páirce d'fhonn a chinntiú go bhfuil barra á bhfás ag caighdeán maith tráchtála, chomh fada is a bhaineann le ráta síolaithe oiriúnach, bunú agus bainistíocht barr. Beidh an Roinn ag súil go mbeidh barra á bhfás ag feirmeoirí de réir dea-chleachtais tráchtála ar mhaithe le toradh barr réasúnta a chinntiú. D'fhéadfadh go mbeadh barra faoi réir cigireachta ionas gur féidir cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil aird tugtha ag feirmeoirí ar dhea-chleachtas chomh fada is a bhaineann le ráta síl, agus ionchuir eile.

**C. An mbeidh barra measctha incháilithe?**

**F. Ní bheidh**, ní cheadaítear barra measctha e.g., sadhlas arúil, barra measctha etc.

**C. An bhfuil comhbharra incháilithe?**

**F. Níl,** sainmhínítear comhbharra mar mheascán de phiseanna próitéine, pónairí agus gránach. Níl siad incháilithe don Scéim Dreasachta Curaíochta ach tá siad incháilithe d'íocaíocht €150 in aghaidh an Heicteáir mar bharr próitéine.

**C. An bhfuil pónairí, piseanna, lúipíní nó meascán de bharra próitéine agus gránaigh incháilithe?**

**F**. **Níl**, ach tá siad incháilithe chun tacaíocht a fháil mar bharra próitéine.

**C. An féidir barra a fho-chur le féar?**

**F. Is féidir,** is féidir barra a fho-chur le féar ach ní mór an barr curaíochta incháilithe a chur agus a chothabháil ag caighdeán tráchtála chomh fada is a bhaineann le seastán planda, srianadh fiailí etc., e.g. más eorna earraigh atá i gceist, ní mór go mbeadh cuntas planda de 300-350 i ngach méadar cearnach

**C. Talamh Natura e.g. SAC, SPA etc.: An féidir é seo a athrú go barra incháilithe faoin Scéim Dreasachta Curaíochta?**

**F.** Níl aon díolúine shonrach bunaithe don scéim seo. Ní mór na ceanglais a chomhlíonadh agus cead a lorg ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

**C. An gceadaítear an barr incháilithe iomlán a tháirgeadh?**

**F.** Ceadaítear, is féidir an barr incháilithe a bhaint nó an barr iomlán a tháirgeadh agus a shadhlasú.

**C. An féidir an barr a dhíol nó an mór é a choinneáil ar an bhfeirm?**

**F.** Is féidir an barr a fhás mar bhia le húsáid ar an bhfeirm, an barr a thrádáil idir feirmeacha nó a dhíol le ceannaí.

**C. Má chuireann feirmeoir curaíochta grán buí agus biatas ar thalamh curaíochta, an bhfuil an limistéar seo incháilithe?**

**F. Níl,** ní mór go mbeadh an talamh ag feidhmiú mar fhéarach in 2021 ionas go mbeidh sé incháilithe.

**C. Má athchuireann feirmeoir curaíochta 10 Heicteár de thalamh curaíochta ach má threabhann sé/sí 10 Heicteár d'fhéarach, an mbeidh sé/sí incháilithe bunaithe ar an 10 Heicteár d'fhéarach a athraíodh go curaíocht?**

**F. Ní bheidh**, ní mór go mbeadh méadú foriomlán i limistéar na mbarr curaíochta dearbhaithe ag an iarrthóir mar aon le féarach athraithe chun barr incháilithe a fhás.

**C. An bhfuil sé ceart go leor dáileachtaí a roinnt?**

**F. Tá,** sa chás go bhfuil dáileacht mhór foroinnte in A agus B etc. tá an dáileacht foroinnte incháilithe.

**C. An dteastaíonn limistéar íosta chun críche incháilitheachta?**

**F. Ní theastaíonn**, ach táthar ag súil go mbeidh dáileachtaí sách mór chun barra a chur agus a bhaint etc.

**C. Cén ráta íocaíochta a bheidh i gceist?**

**F.** Tá an ráta íocaíochta beartaithe cothrom le €400 in aghaidh an heicteáir, fianaise ar an ranníocaíocht don mhéadú ar an gcostas a bhaineann le barra curaíochta a fhás in 2022 ar thalamh a bhí in úsáid mar fhéarach in 2021.

**C. An bhfuil comhpháirtíochtaí incháilithe chun iarratas a dhéanamh?**

**F.** Tá feirmeoirí atá páirteach i gcomhpháirtíocht feirme atá cláraithe leis an Roinn incháilithe don Scéim Dreasachta Curaíochta ar an gcoinníoll gur sholáthair an chomhpháirtíocht iarratas bailí BPS le haghaidh 2021 agus 2022.

**C. An féidir le feirmeoirí curaíochta reatha páirt a ghlacadh sa Scéim Dreasachta Curaíochta?**

**F.** Is féidir le feirmeoir curaíochta reatha páirt a ghlacadh sa Scéim Dreasachta Curaíochta (i) má tá méadú le tabhairt faoi deara sa limistéar iomlán de bharra incháilithe atá ag fás ar an ngabháltas in 2022 i gcomparáid le 2021, agus (ii) más féarach a bhí sa talamh, in 2021, ar a bhfuil na barra breise ag fás.

**C. An féidir le feirmeoirí féaraigh páirt a ghlacadh sa Scéim Dreasachta Curaíochta?**

**F.** Is féidir le feirmeoirí féaraigh páirt a ghlacadh sa Scéim Dreasachta Curaíochta (i) má tá méadú le tabhairt faoi deara sa limistéar iomlán de bharra incháilithe atá ag fás ar an ngabháltas in 2022 i gcomparáid le 2021, agus (ii) más féarach a bhí sa talamh, in 2021, ar a bhfuil na barra breise ag fás.

**C. An bhfuil aon mhaolú ar na rialacháin níotráite e.g. Uasmhéid 20% den limistéar curaíochta le haghaidh feirmeoirí maolaithe nó iompórtálacha d'aoileach?**

**F.** Níl, níl aon mhaolú ar na rialacháin níotráite. Ní mór cloí leis na rialacháin reatha.

**C. An gcaillfidh feirmeoir íocaíocht ANC má chuireann sé/sí barr gráin?**

**F. Níl**, tá tailte curaíochta i limistéir ainmnithe incháilithe d'íocaíocht ANC in 2022.

**C. An bhfuil ceanglais GLAS maidir le clúdach éan fiáin, bainistíocht timpeallachta branair etc. fós i bhfeidhm?**

**F. Tá,** tá ceanglais GLAS fós i bhfeidhm agus ní mór cloí leo chun pionóis agus aisghlámadh féideartha íocaíochta a sheachaint.